

# ❖ An Lúibín ❖

17 Samhain 2019

## Comhdháil san Astráil Theas

Beidh an 24ú comhdháil faoin Léann Éireannach san Astraláise ar siúl in Flinders in the City, Victoria Square, Adelaide, idir an 9-12 Nollaig. Ós é seo ceiliúradh 125 bliain ceart vótála na mban san Astráil Theas, cuirfear béim ar leith ar na hÉireannaigh mná a rinne leas na hAstráile agus na hÉireann. Pléifidh na dílleachtaí Éireannacha, an sufragóir Mary Lee, mná in Éirí Amach 1916 agus i gcúrsaí coinscríofa, mná rialta ó Éirinn agus féiniúlacht, imirce shlabhra, mná sa Chéad Chogadh Domhanda, dearcadh na nAstrálach ar na Trioblóidí, leasú ginmhílte agus báis nuabheirthe. Beidh baint ag scríbhneoirí mná leis an gclár, leithéidí Eileen Duggan ón Nua-Shéalainn agus Anne Enright ó Éirinn. Cuirfidh páipéir eile síos ar an dlí, *Dubliners*, na téarmaí Fritíortha agus Fritíreach, ceol agus rince. Beidh painéil díospóireachta ann i dtaobh staireanna Éireannacha a scríobh agus litríocht Ghael-Astrálach.

Saor ó tháille a bheidh an chéad lá, Luan 9 Nollaig, Gaeilgeoirí ag bailiú le chéile agus buntús na Gaeilge á mhúineadh. Is gá freagra luath a thabhairt ar son lónadóireachta. Ní bhainfear ach \$175 de mhic leinn agus de dhaoine neamhfhostaithe na laethanta eile. Iarrtar \$100 ar lá amháin.



Cearnóg Victoria, Adelaide  
*Wikimedia Commons*

Flinders in the City December 9-12, Victoria Square, Adelaide

<https://www.flinders.edu.au/engage/culture/whats-on/24th-australasian-irish-studies-conference>



## Siompóisiam

Ar an 22 Samhain 2019 beidh siompóisiam ar siúl sa Metropolitan Hotel in Melbourne Thuaidh: 'What is Irish-Australian Literature?'. Tíocfaidh acadóirí le chéile chun cioradh a dhéanamh ar nádúr agus ar bhunús na litríochta sin. Níl an oiread sin staidéir déanta ar an réimse acadúil seo, murab ionann stair sóisialta agus polaitiúil na nGael-Astrálach.

Mar is cuí, beidh ceisteanna bunúsacha á bplé - Frances Devlin-Glass le páipéar ar 'Defining the Field of Irish Australian Literature, Challenges and Conundrums' agus Maggie Nolan ag fiafraí 'Is Irish-Australian Literature Even a Thing?'. Tabharfaidh Val Noone léargas leathan ar an ábhar le 'Notes on Previous Opinions' agus cuirfidh Patrick Buckridge síos ar 'Writing Irish-Australian Selves'. Beidh páipéar ag Ken Gelder agus Rachael Weaver ar 'Irish Republicanism and the Colonial Bushranger Narrative' (ní féidir Ned Kelly a sheachaint sna cúrsaí seo) agus beidh Philip Mead ag plé 'Irish Antipodes'.

Beidh Paul Giles ag caint ar ‘The Secular Paradoxes of Irish-Australian Literature’ agus tabharfaidh Mark Byron súil ar ‘Displaced Homelands: Gerald Murnane’s Fiction’ (agus Murnane, bail ó Dhia air, san fhaisean faoi láthair). Tabharfaidh Julian Croft páipéar ar ‘Australian-Irish or Irish-Australian? Joseph Furphy’s Arbitration Between Two States’ agus beidh Anne Jamison ag caint ar “‘the future destiny of a rising country’: educating the Australian nation through Maria Edgeworth’s fiction for children’.

Beidh páipéar ag Jimmy Yan ar “‘Ourselves Alone’? Encounters between Melbourne Radical Intellectuals and Irish Literary Revivalism, 1912-1923’ agus pléifidh Kevin Molloy ceist bhunúsach, ‘Identifying the Irish-Australian reading and writing community’.

Chun clabhsúr a chur ar an ócáid beidh díospóireacht ghinearálta ann faoi ‘What is Irish Australian Literature?’.

Is féidir le daoine iad féin a chlárú ag an suíomh seo thíos:

<https://events.unimelb.edu.au/events/13765-what-is-irish-australian-literature>



### **Míle glór na Gaeilge**

Tá ‘Míle Glór’ ar na bacáin. Tá Abair.ie, tionscnamh teanga, chun míle cainteoir Gaeilge a thaifeadadh, idir óg agus sean, ón nGaeltacht agus ó cheantair eile. Bainfear feidhm as na guthanna chun leaganacha Gaeilge de chúntóirí fíorúla a chruthú, leithéidí ‘Siri’ agus ‘Alexa’: féach <https://www.abair.tcd.ie/studio/ga/recorder/>.

Cuireann Abair.ie síos air féin mar a leanas:

Is tionscadal de chuid na Saotharlainne Foghraíochta agus Urlabhra ag Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide, Coláiste na Tríonóide, BÁC, é ABAIR. Tá muid ag forbairt glórtha sintéise don Ghaeilge ó 2008. Tá na trí mhórchanúintí clúdaithe againn – Gaeilge Uladh, Chonnacht agus na Mumhan. Chomh maith leis sin, tá muid ag obair ar chóras aithint chainte don Ghaeilge faoi láthair.

Tá an tsintéis Téacs-go-hUrlabhra curtha ar fáil acu cheana ar líne ag Abair.ie. Úsáidtear a leithéid le haghaidh fógraí poiblí, agus ligeann sí do dhaoine nach bhfuil an radharc go maith acu ríomhairí agus gutháin chliste a úsáid. Baintear leas aisti mar acmhainn teagaisc.

Cuid eile den saothar is ea an aithint chainte, rud a ligeann dúinn comhrá a dhéanamh le gairis ríomhaireachta – an córas suite domhanda (GPS/CSD), mar shampla, nó guthán cliste.



### **In Albain, as Albain**

Timpeall 57,000 cainteoir líofa Gaeilge atá le fáil in Albain. Níl sa mhéid sin ach 1% de dhaonra 5,400,000. Cainteoirí dúchais is ea an chuid is mó de lucht na Gaeilge in Albain agus roinnt mhór acu bunaosta, ach tá lucht Gaeilge na gcathrach ar a ndícheall ag soláthar scolaíochta sa teanga.

Sna scoileanna lán-Ghaeilge sin tugtar tumoideachas do dhaltá sna chéad dhá bhliain den bhunscoil agus tugtar léamh agus scríobh an Bhéarla isteach ina dhiaidh sin. Tá timpeall 5,600 dalta á múineadh trí Ghaeilge faoi choimirce trí chomhairle dhéag áitiúla. Le trí bliain déag anuas tháinig athrú ar chúlra na ndaltaí sa mhéid gur daltaí a tógadh le Béarla a bhformhór anois seachas daltaí a tógadh le Gaeilge. Tá triail á baint as teagasc trí shúgradh i gcúpla scoil chun cabhrú leis an gcéad dream.

Tá sé de chuspóir ag plean teanga an rialtais agus ag Bòrd na Gàidhlig níos mó daltaí a chur ag foghlaim trí Ghaeilge agus méadú a dhéanamh ar an méid ábhar atá ar fáil sa teanga. Ach is léir ón taithí agus ón taighde in

Éirinn, in Albain agus i dtíortha eile nach leor an tumoideachas ann féin chun na dalta a dhéanamh líofa agus gan deis acu an teanga a úsáid sa bhaile nó sa phobal. Tá a lán oibre le déanamh chun an deis sin a chur ar fáil.

Tá Comhairle na nGarbhchríoch chun tosaigh maidir le hoideachas lán-Ghaeilge. Tá trí bhunscoil lán-Ghaeilge ann agus trí aonad Gaeilge ann. Tá Gaeilge á labhairt ag 52% de phobal Inse Ghall agus tá 59% de chainteoirí Gaeilge na tíre ann, ach níl aon scoileanna lán-Ghaeilge ann, cé go bhfuil oideachas Gaeilge de chineál éigin le fáil sa chuid is mó de na scoileanna. I nGlaschú atá an scoil lán-Ghaeilge is mó in Albain le fáil: Sgoil Ghàidhlig Ghlaschu agus í ag soláthar oideachas naíscóile, bunscoile agus meánscoile. Is trua, áfach, nach féidir scrúduithe a dhéanamh i nGaeilge ag an dara leibhéal ach i matamaitic, stair, tíreolaíocht agus Gaeilge. I nDún Éidean tá aon bhunscoil lán-Ghaeilge amháin.



Sgoil Ghàidhlig Ghlaschu faoi spéir smúitiúil na hAlban

*Wikimedia Commons*

Tá an deacracht chéanna ag scoileanna lán-Ghaeilge in Albain is atá a leithéidí in Éirinn: múinteoirí a fháil a bhfuil Gaeilge ar a dtóil acu. Is minic is gá do na múinteoirí sin ábhar múinteoireachta a aistriú go Gaeilge, rud eile a mheabhródh Éire duit. Ní mór múinteoirí nua a oiliúint ach ní furasta iad a sholáthar. Is féidir sparánacht bheag a fháil ó Bhòrd na Gàidhlig chun oiliúint a fháil, agus tá cúrsa trí bliana ag Ollscoil Shrath Chluaidh chun suas le hochtar múinteoirí a athoilíúint trí Ghaeilge. Daoine iad a bhfuil roinnt mhaith Gaeilge acu cheana, áfach, agus níl aon chúrsa ann a ligfeadh do mhúinteoirí an teanga a fhoghlaim ó bhun.



Tháinig na chéad Albanach chun na hAstráile i ndeireadh an 18ú haois, agus tháinig timpeall 10,000 duine ó Ghaeltacht na hAlban ar bord longa cairtfhostaithe idir 1837 agus 1852. Fuair timpeall 5,000 duine acu cabhair chuige ón Highland and Islands Emigration Society, cumann a cuireadh ar bun i ndiaidh gorta a bhuaill na prátaí in 1846 agus a bhagair bás ar 200,000 duine. Fuair an cumann airgead ó thiarnaí talún agus ó lucht gustail, agus fuarthas cúnaimh ó na coilíneachtaí Astrálacha féin. Cuireadh an scéim ar bun in 1852 agus daoine ó Oileán Sgitheach ba thúisce a bhain tairbhe aisti. Is éard ab aidhm di bacadh ar na daoine dul i muinín na déirce. Cuireadh deireadh leis an scéim in 1857.

Fuair a lán Albanach bás de ghalracha ar na longa a thug chun na hAstráile iad agus fuair siad amach nárbh fhurasta i gcónaí a mbeatha a bhaint amach sa tír nua. Dúradh ag an am nach raibh ach Gaeilge ag an gcuid is mó acu.



Críoch Gipps Thiar

*Wikimedia Commons*

Bhí Albanaigh ó na críocha Gaelacha le fáil ar fud na gcoilíneachtaí agus chuir cuid acu fúthu i gceantar leathan Gippsland in oirthear Stát Victoria in oirdheisceart na hAstráile. Ba mheasade Bundúchasaigh na háite é sin agus an sléacht a tharla dá bharr. Ní raibh fáilte ag na Gunaikurnai roimh na hEorpaigh a bhí ag lonnú ar a dtír; bhí dochar déanta dóibh cheana ag na galracha a thug lucht maraithe róna agus míolta móra chomh luath leis na 1820idí. Thosaigh na hAlbanaigh ag marú a oiread Bundúchasach agus ab fhéidir leo faoi cheannas Aonghusa Mhic Ghillemhaoil ó Oileán Sgitheanach. Thug lonnaitheoir Sasanach, Henry Meyrick, léargas ar an scéal i litir a scríobh sé chun a ghaolta in 1846:

The blacks are very quiet here now, poor wretches. No wild beast of the forest was ever hunted down with such unsparing perseverance as they are. Men, women and children are shot whenever they can be met with...

Is ait an scéal é gur chaill Mac Ghillemhaoil cuid mhaith dá shaibhreas de bharr na dtinte foraoise a thosaigh nuair nach raibh na Gunaikurnai in ann an fhoraois a thanú de réir a sean-nósanna.

In 2010 d'aithin an Chúirt Fheidéalach mar úinéirí traidisiúnta de chuid mhaith de Gippsland iad. Anois tá a dteanga á hathbheochan trí chlár de chuid an Victorian Aboriginal Corporation for Languages (VACL). Ar éigean a mhaireann aon chuimhne ar na hAlbanaigh ná ar a dteanga in Gippsland: ach is ann fós do na Gunaikurnai.

#### Le léamh:

[https://www.holyrood.com/inside-politics/view,gaelic-education-is-it-effective\\_9611.htm](https://www.holyrood.com/inside-politics/view,gaelic-education-is-it-effective_9611.htm)

Watson, Don (2009). *Caledonia Australis: Scottish Highlanders on the Frontier of Australia*. Vintage Australia (athchló).



### An Timpeallacht

Faoi láthair agus tinte móra ag réabadh leo trí fhoraoisí California agus oirthear na hAstráile, is mór an trácht (trácht tintrí uaireanta) atá á dhéanamh ar an téamh domhanda agus ar conas srian a chur leis. Níl aon amhras ná go bhfuil tubaistí áirithe i ndán dúinn, cé nach ionann sin is a rá nach mbeimid in ann acu de réir áite agus ama. Is fiú, mar sin, an scéal a mheas de réir ar tharla cheana i dtréimhsí nach raibh chomh hoiriúnach sin don saol daonna. Ar na hailt a dhéanann é sin tá ceann leis an scríbhneoir eolaíochta Peter Forbes ar an iris ar líne *Aeon*: 'We are heading for a New Cretaceous, not for a new normal'.<sup>1</sup>

Meabhraíonn Forbes dúinn nach fada ó chuir Comhdháil na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide (COP23) in Bonn in iúl gur dócha go mbeidh téamh 3°C ann faoi 2100. Beidh dála na Tréimhse Cailcí (145-65.95 milliún bliain ó shin) i bhfeidhm arís. B'in an tréimhse ar fáisceadh ár sinsir bheaga chlúmhacha as. Is cosúil nach mbeidh oighear le fáil ag na poil agus go mbeidh leibhéal na farraige tuairim is 66 méadar ó cionn an leibhéil atá anois ann.

Aithníonn neart eolaithe agus mórán daoine eile go bhfuil cumas geolaíoch ag an gcine daonna, rud is bun le ré gheolaíoch nua a ainmniú: an Tréimhse Antraipicéineach (*ré an chine dhaonna*). Tá na timthriallta nádúrtha á sárú ag na rudaí a chuireann daoine isteach sa timpeallacht, CO<sub>2</sub> agus leasacháin nitriginéacha san áireamh. Is dóigh lena lán daoine nach mbaineann gnóthaí daonna agus geolaíocht le chéile, tuairim nach bhfuil ag teacht leis na hathruithe luatha a tháinig ar an Domhan ó am go ham. Chuir dhá théamh mhóra (agus tréimhse fhada fhuar eatarthu) deireadh leis an Oighearaois dheireanach 12,600 ó shin, timpeall 9,600 RCh. Bhain spící deich gcéim leo

<sup>1</sup> [https://aeon.co/ideas/we-are-heading-for-a-new-cretaceous-not-for-a-new-normal?](https://aeon.co/ideas/we-are-heading-for-a-new-cretaceous-not-for-a-new-normal?utm_source=Aeon+Newsletter&utm_campaign=8c29b26d26-EMAIL_CAMPAIGN_2019_10_28_12_53&utm_medium=email&utm_term=0_411a82e59d-8c29b26d26-68646989)

[utm\\_source=Aeon+Newsletter&utm\\_campaign=8c29b26d26-](https://aeon.co/ideas/we-are-heading-for-a-new-cretaceous-not-for-a-new-normal?utm_source=Aeon+Newsletter&utm_campaign=8c29b26d26-EMAIL_CAMPAIGN_2019_10_28_12_53&utm_medium=email&utm_term=0_411a82e59d-8c29b26d26-68646989)

[EMAIL\\_CAMPAIGN\\_2019\\_10\\_28\\_12\\_53&utm\\_medium=email&utm\\_term=0\\_411a82e59d-8c29b26d26-68646989](https://aeon.co/ideas/we-are-heading-for-a-new-cretaceous-not-for-a-new-normal?utm_source=Aeon+Newsletter&utm_campaign=8c29b26d26-EMAIL_CAMPAIGN_2019_10_28_12_53&utm_medium=email&utm_term=0_411a82e59d-8c29b26d26-68646989)

in oighearchróithe na Gríonlainne. Níor mhair an chéad tréimhse ach trí bliana. Mhair an dara ceann timpeall seasca bliain agus chuir tús leis an Tréimhse Holaicéineach, tréimhse measartha socair atá fós ann.

Rinne an chéad téamh oighearchlúid ollmhór a leá i Meiriceá Thuaidh, rud ba chúis le cruthú na Lochanna Móra tuairim is 2,500 ina dhiaidh sin agus le hardú mór farraige. I gceann tamaill scaradh an Bhreatain agus Éire ón mór-roinn agus ó chéile.

Níl sa ré atá anois againn ach seal idir tréimhsí oighreacha. Ó thaobh na staire geolaíche de ní gnách le haeráid an domhain a bheith oiriúnach don chine daonna agus í ró-the nó ró-fhuar; is í an Tréimhse Holaicéineach a thug deis dúinn teacht in uachtar. Is dócha go mbeadh oighearaois nua ag teacht sa mhullach orainn murach astúcháin CO2. Deir Forbes, mar a deir a lán eolaithe, gur deireadh tobann atá i ndán don Tréimhse Holaicéineach, deireadh a bheidh chomh mear lena tús na tréimhse sin.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

<https://www.youtube.com/watch?v=NSoEyD7g67Y>

Ciaccona


<https://www.youtube.com/watch?v=RD6khYNpnS4>

L'Arpeggiata - Athanasius Kircher (1602-1680) - Tarantella Napoletana

<https://www.youtube.com/watch?v=sgcR183f8gA>

Biber Passacaglia – Elicia Silverstein

Heinrich Ignaz Franz von Biber (1644-1706)



Caiticiosma Uí Raghallaigh 1800 BÁC